



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

**MATAMAITIC – ARDLEIBHÉAL**

**PÁIPÉAR 1 (300 marc)**

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH – MAIDIN, 9:30 go dtí 12:00**

---

Freagair **GACH** cheist.

Gabhann 50 marc le gach ceist.

Féadfar grafpháipéar a fháil ón bhfeitheoir.

Cuireann an tsiombail in iúl **gur chóir duit** obair thacaíochta a thaispeáint  
chun lánmharcanna a ghnóthú.

---

1. (a) Méadaítear praghas DVD ó €12·50 go dtí €13·75.

 Sloinn an méadú sin mar chéatadán den phraghas tosaigh.

- (b) (i) Tógann sé 6 huaire an chloig ar Sheán taisteal ó Dhoire go dtí Port Láirge, fad slí 378 km.

Tógann sé 45 nóiméad sa bhrefis air filleadh ó Phort Láirge go dtí Doire ar an mbealach céanna.

 Cé mhéad km/h níos moille a bhí an meáluas ar an mbealach ar ais?

- (ii) €50 000 an t-ioncam comhlán atá ag Jill.

€10 460 an cháin ioncaim iomlán atá le híoc aici.

€32 000 scoithphointe an ráta caighdeánaigh.

Is é 20% an ráta caighdeánach cánach agus is é 42% an ráta is airde.

 Cad iad na creidmheasanna cánach atá ag Jill don bhliain?

- (c) (i)  Trí shlánú a dhéanamh don tslánuimhir is gaire, déan meastachán ar a luach:

$$\frac{\sqrt{42 \cdot 91 + 21 \cdot 3}}{17 \cdot 56 - 3 \cdot 7 \times 4 \cdot 2}.$$

Ansin, luacháil  $\frac{\sqrt{42 \cdot 91 + 21 \cdot 3}}{17 \cdot 56 - 3 \cdot 7 \times 4 \cdot 2}$ , ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

- (ii) Rinneadh méid áirithe airgid a infheistiú ar ús iolraighe ar feadh dhá bhliain.

5% an ráta úis a bhí i bhfeidhm gach aon bhliain.

Tar éis dhá bhliain b'ionann is €5512·50 an t-ionmlán.

 Riomh an méid airgid a rinneadh a infheistiú i dtús báire.

2. (a) Rinne Derek 390 iarratas ar phasanna a phróiseáil le linn mhí Iúil.

Bhí líon na bpasanna a rinne sé a phróiseáil i mí Lúnasa 10% níos lú ná an líon i mí Iúil.

 Cé mhéad iarratas a rinne sé a phróiseáil i mí Lúnasa?

- (b) D'fhreagair 70 déagóir suirbhé a bhain le háiteanna saoire.

Bhí 30 duine díobh a chaith saoire sa Fhrainc,  
26 duine díobh a chaith saoire sa Spáinn,  
agus 28 duine díobh a chaith saoire san Iodáil.  
Chaith 12 díobh saoire sa Fhrainc agus sa Spáinn  
araon, 8 díobh sa Spáinn agus san Iodáil araon,  
agus bhí x díobh a chaith saoire sa Fhrainc  
agus san Iodáil amháin.



Bhí 4 déagóirí a chaith saoire i ngach aon cheann de na trí thír.

An líon déagóirí nár chaith saoire riamh i gceann ar bith de na háiteanna sin, b'ionann é agus dhá oiread an líon nár chaith saoire ach sa Fhrainc agus san Iodáil amháin.

(i)  Léirigh an fhaisnéis thus ar léaráid Venn.

(ii)  Ríomh an líon déagóirí nár chaith saoire ach amháin sa Fhrainc.

- (c) (i) Ceannaíonn ceannaí tae ar €3 · 29 an kg agus díolann sé le custaiméir sa Bhreatain é ar bhrabús 60% den phraghas ceannaithe.

£1 (steirling) = €1 · 46 an ráta malaire.

 Ríomh, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha, praghас díolta an tae ina £ steirling.

(ii) Athraíonn an ráta malaire go £1 (steirling) = €1 · 50. Fanann praghас díolta an tae, i steirling, gan athrú.

 Ríomh, ceart go dtí an tslánuimhir is gaire, an brabús faoin gcéad a bhíonn ag an gceannaí sa chás seo.

3. (a) (i) Simpligh  $(64)^{\frac{3}{2}}$ .

(ii) Simpligh  $(64)^{\frac{2}{3}}$ .

(b) Is é  $\mathbb{E}x$  an costas ar bhéile do dhuine fásta agus  $\mathbb{E}y$  an costas ar bhéile do leanbh.

$\mathbb{E}125$  an costas ar bhéile do 3 daoine fásta agus 2 leanaí.

$\mathbb{E}115$  an costas ar bhéile do 2 daoine fásta agus 3 leanaí.

(i) Scríobh síos dhá chothromóid in  $x$  agus  $y$  chun an fhaisnéis sin a léiriú.

(ii)  Réitigh na cothromóidí sin chun costas béis do dhuine fásta  
costas béis do leanbh a fháil.

(c) (i)  Sloinn é seo san fhoirm is simplí:

$$\frac{1}{2x-3} - \frac{1}{2x+3}.$$

(ii)  Uaidh sin, nó ar shlá eile, réitigh an chothromóid:

$$\frac{1}{2x-3} - \frac{1}{2x+3} = \frac{6}{7}, \quad x \in \mathbf{Z}.$$

- 4.** (a)  Sloinn é seo san fhoirm is simplí:

$$2x - [3 - (4 - 3x)] + 6.$$

- (b) (i)  Réitigh  $x^2 - 4x - 8 = 0$ , agus bíodh do fhreagra san fhoirm  
 $a \pm a\sqrt{b}$ , áit a bhfuil  $a, b \in \mathbf{N}$ .

- (ii) Fachtóirigh  $9x^2 - 16y^2$ .

- (iii)  $x + 4$  fad sleasa amháin ar dhronuilleog.

$$x^2 + 16x + 48 \text{ achar na dronuilleoige.}$$

 Faigh slonn in  $x$  d'fhad an tsleasa eile.

- (c) Caithfidh feirmeoir burlaí féir a thabhairt dá chuid beithíoch ar feadh 90 lá.

Tugann sé 540 burla féir do na beithígh in imeacht roinnt laethanta.

$x$  burla sa lá an meántomhantas féir le linn na tréimhse sin.

- (i) Scríobh slonn in  $x$  do líon na laethanta a thóngfaidh sé an 540 burla a ídiú.

Má mhéadaítear an meántomhantas de 1 bhurla amháin ídeofar 300 burla sna laethanta a bheidh fágtha.

- (ii) Scríobh slonn in  $x$  do líon na laethanta a thóngfaidh sé an 300 burla a ídiú.

- (iii) Bain feidhm as an bhfaisnéis thus agus scríobh cothromóid in  $x$ .

- (iv)  Réitigh an chothromóid sin chun luach  $x$  a fháil mar aon le líon na laethanta a thóngfaidh sé an chéad 540 burla a ídiú.

5. (a)  $x^\circ$  an teocht a bhí ann Dé Domhnaigh.

Tháinig ardú  $3^\circ$  ar an teocht gach lá den dá lá thíreach ina dhiaidh sin.



Tháinig laghdú  $4^\circ$  ar an teocht gach lá de na trí lá thíreach ina dhiaidh sin.

Díorthaigh slonn in  $x$  don teocht ar an gcúigiú lá (i.e. Dé hAoine).

- (b) Bíodh  $f$  mar an fheidhm  $f: x \rightarrow 35x - 5x^2$ .

Tarraing graf  $f$  le haghaidh  $0 \leq x \leq 7$ ,  $x \in \mathbf{R}$ .

- (c) Tugann an fhoirmle thíos an airde,  $y$  méadar, os cionn na talún a shroicheann liathróid  $x$  soicind tar éis í a chaitheamh go ceartingearach suas san aer:

$$y = 35x - 5x^2.$$

Bain feidhm as do ghraf i gcuid (b) chun meastachán a fháil orthu seo:

(i) an uasairde a shroicheann an liathróid

(ii) airde na liathróide tar éis  $5 \cdot 5$  soicind.

Ar dhá ócáid, bíonn an liathróid 20 méadar os cionn na talún.

(iii) Bain feidhm as do ghraf i gcuid (b) chun meastacháin a fháil ar an dá uair a tharlaíonn sé sin.

- 6.** (a) Agus tú ag glacadh leis go bhfuil:

$$v^2 = u^2 + 2as.$$

 Scríobh  $s$  i dtéarmaí  $v$ ,  $u$  agus  $a$ .

- (b) (i)  Fachtóirigh  $2l - kl + km - 2m$ .

(ii) Fachtóirigh  $6x^2 - 19x + 10$ .

(iii) Fachtóirigh  $17x - 5x^2$ .

- (c) Bíodh  $f$  mar an fheidhm  $f : x \rightarrow 1 - 3x$  agus  $g$  mar an fheidhm  $g : x \rightarrow 1 - x^2$ .

(i)  Faigh  $f(-2)$  agus  $g(5)$ .

(ii)  Sloinn  $f(x + 1)$  san fhoirm  $ax + b$ ,  $a$  agus  $b \in \mathbf{Z}$ .

(iii)  Réitigh é seo le haghaidh  $x$ :  $f(x + 1) = f(-2) + g(5)$ .

# Leathanach Bán